# #EUandME
# Treoir do Mhúinteoirí

**Tá do dhaltaí ag aois 17 go 18 ag teannadh le hathrú mór: tá siad ag ullmhú leis an scoil a fhágáil agus dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile dá saol. An eol dóibh na deiseanna, an tacaíocht agus na buntáistí a ghabhann le saoránacht Eorpach dá saol laethúil agus dá saol feasta?**

Chun na deiseanna seo a chur ar a súile d'Eorpaigh óga, tá feachtas nua trasmeán, #EUandME, seolta ag an gCoimisiún Eorpach. Tabharfaidh na hacmhainní oideachais #EUandME atá sna hUirlisí Úsáide seo deis duitse agus do do dhaltaí fáil amach faoi na deiseanna agus na tionscnaimh atá ar fáil ón Aontas Eorpach agus leas a bhaint astu. Tá gníomhaíochtaí i gceist sna hacmhainní oideachais chun gur féidir le do dhaltaí dul i mbun oibre agus i mbun plé chun tuiscint a fháil ar ról an AE ina saol féin agus chun an uile rud atá ar fáil dóibh mar shaoránach de Bhallstát den AE a fháil amach.

## AIDHM AGUS STRUCHTÚR UIRLISÍ ÚSÁIDE AN MHÚINTEORA

Príomhtheachtaireacht den fheachtas #EUandME is ea an tslí a chumhachtaíonn an tAontas Eorpach a shaoránaigh agus a chumasaíonn sé dóibh dul lena n-ábhair spéise agus a rogha slí bheatha a fháil, agus cearta, tacaíocht agus deiseanna mar chúltaca acu. Is é aidhm #EUandME teagmháil a dhéanamh le hEorpaigh óga agus cabhrú leo gach leas a bhaint as a gcumas mar shaoránaigh Eorpacha.

Is é aidhm na n-acmhainní foghlama seo daltaí a spreagadh le scileanna agus inniúlachtaí nua-aoiseacha a shealbhú; chun go mbeidh siad ina bhfoghlaimeoirí féinmhuiníneacha ar féidir leo ceisteanna a chur agus smaoineamh go neamhspleách. Moltar roinnt gníomhaíochtaí ilmheán, a mheastar a bheidh tarraingteach do na daltaí agus a spreagfaidh iad, agus a chabhróidh leo scileanna litearthachta digití a shealbhú.

Ba é tús an fheachtais cúig cinn de ghearrscannáin a rinne stiúrthóirí a bhfuil duaiseanna buaite acu a eisiúint, gach ceann acu ar théama ar leith – *An tSoghluaisteacht*, *An Inbhuanaitheacht, Scileanna & Gnó, Digiteach*, agus *Cearta*. Osclaítear Roinn 1 de gach Aonad seomra ranga le scannán a bhféachann an rang uile air agus a dtráchtann siad air. Is lingchlár iad na gearrscannáin chun na daltaí a chur i mbun cainte agus plé i Roinn 2 ar an tacaíocht agus ar na deiseanna atá ar fáil ón Aontas Eorpach. Beidh ríomhaire de dhíth ar na daltaí sa Roinn seo chun dul i mbun oibre ina mbeirteanna, don obair ghrúpa agus chun taighde féintreoraithe a dhéanamh. As sin rachaidh siad ar aghaidh chun a bhfreagairtí, a ndearcthaí agus a dtuairimí féin a chomhroinnt lena chéile mar rang.

In Roinn 3, iarrtar ar na daltaí bheith páirteach i dtionscadal cruthaitheach ar na topaicí is spéis leo féin chun cabhrú leo an t-eolas agus an tuiscint atá acu ar na deiseanna a chuireann an tAontas ar fáil dóibh agus iad ag dul isteach sa chéad chéim eile dá saol, a chur i dtoll a chéile agus a chur i bhfocail. Trí na gníomhaíochtaí seo atá dírithe ar an dalta cuirtear stíl foghlama gníomhaí ar bhonnfiosraithe chun cinn. Cuireann na daltaí eolas ar fhadhb agus ar dhúshlán áirithe san fhíorshaol, sealbhaíonn siad scileanna traschuraclaim agus iad ag obair ina ngrúpaí beaga comhoibritheacha agus ansin cuirfidh siad an tionscadal i láthair chun an tuiscint agus an fhoghlaim atá gnóthaithe acu a thaispeáint do lucht féachana san fhíorshaol – don rang, don scoil agus don domhan mór. De bhrí go mbeidh an obair á cur i láthair acu, spreagfar daltaí chun smaoineamh go criticiúil faoina saol féin agus faoi na buntáistí éagsúla atá acu de bhrí go gcónaíonn siad san Aontas Eorpach.

## AOISGHRÚPAÍ

Tá na hacmhainní teagaisc agus foghlama #EUandME seo dírithe ar dhaltaí atá 17 agus 18 mbliana d'aois, ach tá na hAonaid ar fad oiriúnach do dhaltaí is óige agus is sine ná sin. Tá saoirse ag múinteoirí dul i muinín a mbreithiúnais ghairmiúil féin féachaint cén aoisghrúpa a thairbheodh d'Aonad ar leith. Gheofar nóta ar an tslí leis na meáin shóisialta a úsáid le daltaí atá 16 bhliain d'aois agus níos óige sna Treoirlínte thíos.

## FORAMHARC AR AN AONAD

Ciallaíonn an cur chuige bunaithe ar théama go mbíonn saoirse ag múinteoirí Aonad a roghnú a oirfidh dá ndaltaí agus a chomhlíonfaidh riachtanais an churaclaim. Ciallaíonn nádúr idirdhisciplíneach na dtéamaí gur féidir iad a chorprú in aon chúrsa dara leibhéal, bíodh sé acadúil nó gairmeach. D'oirfeadh mórchuid de na hAonaid don chó-mhúinteoireacht nó do chur chuige trasdisciplíne. I gcur chuige idirdhisciplíne, féadfaidh múinteoirí leas a bhaint as obair in ábhair eile, mar shampla san Ealaín, sa TFC, sa Staidéar Meán, sa Stair, sna Teangacha, sna hEolaíochtaí Sóisialta, sa Stair nó sa Tíreolaíocht. Díríonn na hAonaid ar dheiseanna agus ar theidlíochtaí éagsúla a thugann an tAontas Eorpach dá saoránaigh uile, agus is féidir iad a úsáid agus disciplíní éagsúla ábhair á múineadh. Seo roinnt moltaí thíos.












| Aonad | Gearrscannán an Aonaid | Topaicí an Aonaid | Naisc Shamplacha le hÁbhair Scoile |
|---|---|---|---|
| **An tSoghluaisteacht** | **"An Brú Beo"**, arna stiúradh ag Matthias Hoene [8:40 nóim] | Deiseanna d'Eorpaigh óga chun dul i bun taistil, staidéir nó cónaithe san Aontas Eorpach. | Gairmthreoir, Teangacha, Tíreolaíocht, Gairmoideachas, Polaitíocht, Staidéar Saoránachta, Staidéar Meán, Stair. |
| **An Inbhuanaitheacht** | **"Oona"**, arna stiúradh ag Zaida Bergroth [8:40 nóim] | Na bearta atá á nglacadh ag an Aontas ar ár son maidir leis an athrú aeráide, bia sláintiúil agus soláthairtí sábháilte uisce, chomh maith le tírdhreach nádúrtha na hEorpa a chosaint agus a fheabhsú. | Tíreolaíocht, Staidéar Sóisialta, Staidéar Saoránachta, Fealsúnacht, Eacnamaíocht Bhaile. |
| **Scileanna & Gnó** | **"Party Animal"**, arna stiúradh ag Yorgos Zois [7:52 nóim] | Oiliúint agus scileanna don am atá le teacht, tacaíocht poist agus gairme an Aontais Eorpaigh, cearta oibrithe agus tacaíocht an Aontais d'fhiontraithe óga. | Staidéar Gnó, Eacnamaíocht, Gairmthreoir, Gairmoideachas, Staidéar Eorpach, Staidéar Sóisialta, Teangacha. |
| **Digiteach** | **"An tAonarán"**, arna stiúradh ag Tomasz Konecki [9:52 nóim] | An líon mór ceart digiteach a thugann an tAontas dár ndaltaí atá "digiteach ó dhúchas" ar nós deireadh le táillí fánaíochta agus an "Ceart ar Bheith Ligthe i nDearmad". | TFC, Fealsúnacht, Staidéar Eorpach, Staidéar Meán, Teangacha. |
| **Cearta** | **"Debut"**, arna stiúradh ag Dalibor Matanić [4:04 nóim] | Mar náisiúnaigh AE, tá na cearta céanna ag daltaí vóta a chaitheamh i dtoghcháin Eorpacha agus atá acu mar náisiúnaigh ina dtíortha féin. Scrúdaítear cearta tomhaltóirí agus cearta bunúsacha, leis. | Staidéar Eorpach, Gairmoideachas, Polaitíocht, Fealsúnacht, Staidéar Saoránachta, Staidéar Meán, Stair, Staidéar Sóisialta. |

## TREOIRLÍNTE SEOMRA RANGA NÓ CEARDLAINNE

Cuirtear tús le gach Aonad le gearrscannán a chuirtear i láthair an ranga ar fad, scannán atá bunaithe ar théamaí an Aonaid. Moltar an gearrscannán a thaispeáint don rang ar fad chun freagairtí láithreacha na ndaltaí ar an eispéireas seo i bpáirt a ghabháil. Cuirfidh cumhacht agus tionchar an ghearrscannáin le tuiscint na ndaltaí ar an méid a bheidh á phlé, á léamh agus a fháil amach acu ar shuíomh gréasáin #EUandME. Mar straitéis ghníomhach amhairc, cuirfidh an múinteoir ceist i dtaobh an scannáin ar na daltaí roimh ré ionas go bhféachfaidh siad ar an scannán agus an cheist sin ina n-intinn acu. An aidhm ná cabhrú leis na daltaí féachaint ar an scannán agus cuspóir agus fócas acu.

Tá an seomra ranga malairt foghlama nó inbhéartaithe ag éirí an-choitianta agus d'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí féachaint ar an scannán roimh am ranga, ach tá an baol ann go gcaillfear cumhacht agus neamh-mheánacht fhreagairt mhothúchánach an ghrúpa ar an scannán. Gearrscannáin iad ar fad, agus b'fhearr leas a bhaint as freagairtí i bpáirt na ndaltaí agus iad ag tosú ag cur eolais ar na deiseanna éagsúla agus iomadúla agus an tacaíocht atá ar fáil dóibh ón Aontas Eorpach.

Bíonn na daltaí páirteach i ngníomhaíocht nó i dtionscadal cruthaitheach i ngach Aonad. Tugann sin deis dóibh iad a féin a chur in iúl ar shlí chruthaitheach agus a scileanna cumarsáide agus láithreachta a fheabhsú, agus an méid atá foghlamtha acu a thaispeáint don mhúinteoir ag an am céanna. Ar na modhanna ar a bhféadfaí an obair a chur i láthair tá taispeáintí nó taispeántais dá gcuid oibre, cur i láthair ó bhéal san áireamh, do lucht féachana ar cuireadh. Tá na hAonaid ar fad oiriúnach mar thionscadail **ríomhnasctha** agus thabharfadh sé sin an deis do na daltaí dul isteach sa phobal foghlama ar líne is mó san Eoraip, agus teagmháil a dhéanamh lena bpiaraí ar fud na hEorpa ar shlí nach bhfuil a macasamhail le fáil sa seomra ranga. Is féidir leis na daltaí a gcuid tionscadal a chur i láthair ina rogha meán agus aon chumasc d'íomhánna digiteacha, podchraoltaí nó uirlisí idirghníomhacha a úsáid chun é a chur i láthair lucht féachana lasmuigh den seomra ranga. Féadfaidh na daltaí a gcuid oibre a choimeád dá ríomhphunainn, agus ar an tslí sin féadfaidh siad a gcosáin foghlama a rianú agus forbairt a gcuid scileanna a ghabháil, lena n-áirítear a scileanna digiteacha, agus bailiúchán a dhéanamh dá gcuid oibre mar fhianaise ar a gcuid foghlama agus a dtuiscint ar na buntáistí a ghabhann le cónaí san Aontas Eorpach.

Is é aidhm atá le feachtas #EUandME cabhrú le daoine óga ceangal a dhéanamh leis an Aontas agus buntáiste a bhaint as na cearta, an tacaíocht agus na deiseanna atá acu mar shaoránaigh Eorpacha. Cabhróidh sé leo teagmháil a dhéanamh faoi mar a dhéanann siad ina saol laethúil, is é sin go digiteach, a gcuid oibre a chomhroinnt trí naisc ar leathanach meán sóisialta an Aonaid. Is féidir go bhfuil a gcuntais meán sóisialta cheana féin ag foghlaimeoirí atá 17 nó 18 mbliana d'aois agus go dtaitneoidh sé leo a gcuid oibre a chomhroinnt ar an tslí seo. Mar sin féin, is féidir gurbh fhearr le múinteoir na ndaltaí óga cuntas ranga a chruthú agus tar éis do na daltaí a bhfaisnéis phearsanta a chosaint, d'fhéadfadh an múinteoir an cuntas a bhainistiú thar ceann an ranga ar aon dul le GDPR agus Beartas na Scoile um Úsáid Inghlactha.

## NAISC GHRÉASÁIN AGUS ACMHAINNÍ BREISE

**Comórtas na Scannánóirí Óga** europa.eu/euandme/how_it_works_ga Bí ag faire amach don chúigear scannánóirí óga a gheobhaidh duaiseanna i Meitheamh 2019.

**EU** – europa.eu/european-union/index_ga Suíomh gréasáin oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

**ríomhnascadh** – www.etwinning.net Is pobal scoileanna ar líne ar fud na hEorpa atá i gceist le ríomhnascadh, ina dtugtar ardán do mhúinteoirí agus do scoileanna san Eoraip chun dul i mbun cumarsáide agus comhair agus chun tionscadail a chur i dtoll a chéile. Is ardán é atá cairdiúil le múinteoirí agus a mhisníonn comhar idir daltaí agus scoileanna ar fud na hEorpa. Tabharfaidh comhoibriú ríomhnasctha spreagadh chun eolas a chur ar chomhpháirtithe tionscadail agus leagfar béim ann ar thoisc Eorpach na dtionscal atá i gceist sna hUirlisí Úsáide.

**ePortfolios** – eufolio-resources.eu/ Spás oibre dinimiciúil digiteach is ea ríomhphunann an dalta, trína ngabhtar a gcuid foghlama agus ina gcoimeádtar bailiúcháin dá gcuid oibre. Is áit í an ríomhphunann inar féidir leo machnamh a dhéanamh ar na scileanna atá á sealbhú acu agus fianaise ar a gcuid oibre agus a gcuid foghlama a stóráil, a chomhroinnt le daoine eile, agus a chur ar taispeáint. Is féidir dul i mbun comhoibre ann, leis.

**Inniúlachtaí Digiteacha & an Teicneolaíocht san Oideachas** – ec.europa.eu/education/education-in-the-eu/digital-education-action-plan Is é plean gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh úsáid níos fearr a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach sa teagasc agus san fhoghlaim, chun inniúlachtaí agus scileanna digiteacha a shealbhú agus chun cúrsaí oideachais a fheabhsú san aois dhigiteach.

**Europeana** – www.europeana.eu Tugann Bailiúcháin Europeana rochtain ar os cionn 51 milliún mír, leabhar, ceol, físeán, obair ealaíne agus tuilleadh i bhfoirm digitithe le huirlisí cuardaigh agus scagtha mar áis duit. Institiúidí éagsúla a chuireann an t-ábhar ar fáil do Europeana agus déanann Europeana gach iarracht chun gach acmhainn ar an suíomh gréasáin a chur ar fáil lena n-athúsáid. Tá líon beag míreanna "faoi chóipcheart" i gcónaí agus ba chóir do dhaltaí foinsí a admháil agus meas a léiriú ar na cearta gaolmhara maoine intleachta.

# Aonad Soghluaisteachta #EUandME

## FORAMHARC

Is é aidhm an *Aonaid Shoghluaisteachta* léiriú a thabhairt do na daltaí ar na buntáistí iomadúla atá acu mar Eorpaigh óga agus iad i mbun staidéir, i mbun oibre nó i mbun taistil in aon tír den Aontas. Cuirfidh an gearrscannán allabhrach *An Brú Beo* daltaí ag smaoineamh ar an topaic. Déanfaidh na daltaí obair ghrúpa ansin chun eolas a chur ar na deiseanna iomadúla a chuireann an tAontas Eorpach ar fáil dóibh. Sa tríú cuid spreagtar gach dalta chun *Mo Threochlár EUandME* a chruthú ina dtaispeánfar an tuiscint atá acu ar na féidearthachtaí agus na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh mar shaoránaigh óga Eorpacha.

## ROINN 1

Le léiriú a thabhairt ar a éasca atá sé d'Eorpaigh óga sa seomra ranga dul i mbun taistil, iarr orthu na tíortha Eorpacha ina raibh siad go dtí seo a ainmniú. Liostaigh na tíortha ar an gclár bán agus iarr moltaí faoin gcúis a bhfuil tóir ar thíortha áirithe thar tíortha eile, cé chomh soghluaiste atá na daltaí sa seomra ranga seo agus cad iad na tíortha nach bhfuil feicthe acu go dtí seo agus an chúis ar mhaith leo dul chucu.

Sula dtaispeánann tú gearrscannán #EUandME **An Brú Beo** [8:40 nóiméad], iarr ar na daltaí an cheist seo a leanas a phlé: "Conas a thagann an Eoraip fad le Grandma, Moritz agus a dheirfiúr Heike?" Tar éis dóibh féachaint ar an bhfíseán, iarr ar na daltaí a bhfreagairt féin ar an scannán a phlé.

## ROINN 2

Ansin déanfaidh an rang taighde ar líne chun saoire an mhála droma coicíse a phleanáil san Eoraip le haghaidh Moritz agus a dheirfiúr. Déan cúig ghrúpa den rang agus iarr orthu ceann amháin de na leathanaigh liostaithe a thógáil mar chabhair chun a n-eachtra Eorpach a phleanáil. De bhrí nach féidir turas ar bith a dhéanamh gan plean cinnte, tosaímid trí dhoiciméid taistil a fháil, socruithe cúram sláinte a dhéanamh agus ar ndóigh socruithe a dhéanamh chun bheith i dteagmháil le Grandma fad a bheimid as baile, i bhfad sula ndéantar an taisteal agus an chóiríocht a phleanáil!

1. Mar náisiúnaigh de chuid an Aontais, cad iad na doiciméid taistil a mholann do ghrúpa do Moritz agus Heike a fháil sula n-imíonn siad? An **Pas nó Cárta ID Aontais Eorpaigh**?
2. Faigh amach faoi bhuntáistí an chárta EHIC ag **Mo Shláinte. Mo Shaol.** agus féach an cúram sláinte a bhíonn ar fáil do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus iad ag taisteal thar lear. Cuimhnigh, **is maith an fhaire an fhógairt**!
3. Faigh amach conas is féidir leat cabhrú le Moritz agus Heike **#DiscoverEU travel pass**.saor in aisce a fháil.
4. **Mo Thaisteal. Mo Shaol.** ina mínítear cad is cóir duit a dhéanamh má bhíonn fadhb agat agus tú ag taisteal thar lear, mar shampla, táillí cárta, cúrsaí tiomána, airgeadra/airgead, nó fadhbanna eile. Cad iad na leideanna tábhachtacha a aimsíonn tú?
5. Cuardaigh na leideanna seo in **Pleanáil Riachtanach don Taisteal**. Cad iad na cinn a bheidh úsáideach do Moritz agus Heike?

Tar éis do na daltaí a gcuid taighde a chríochnú, bíonn cúig nóiméad ag gach grúpa chun an t-eolas a thabhairt don rang go léir le linn *Cruinniú Comhchéime Soghluaisteachta agus Taistil #EUandME*.

## ROINN 3

Léifidh gach dalta an dá leathanach téama seo a leanas ar shuíomh gréasáin **#EUandME** chun deiseanna féideartha a aimsiú agus machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas: "An rachaidh tú i mbun staidéir thar lear sna chéad chúig bliana eile?", "An rachaidh tú ag obair nó ar chúrsa oiliúna i dtír Eorpach eile?", "An rachaidh tú isteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach?" agus "Cad iad na tacaíochta, na buntáistí agus na deiseanna a chuirfidh an tAontas Eorpach ar fáil duit sa chéad chéim eile de do shaol?"

1. An leathanach faoi dhul i mbun staidéir thar lear, **My Chúrsaí Staidéir. Mo Shaol.** ina bhfaighfear cláir do staidéar thar lear (Erasmus+ agus Erasmus Mundus go sonrach), cúrsaí oiliúna/deiseanna saorálaíochais (An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach) agus oiliúint teanga.
2. An leathanach faoi dhul i mbun cónaí agus oibre thar lear, **My Ghairm. Mo Shaol.** ina mínítear na cearta atá ag Eorpaigh nuair a théann siad i mbun oibre nó i mbun cónaithe i dtír iasachta, conas post a fháil, obair dheonach a dhéanamh nó oiliúint a fháil.

Déanann gach dalta plean cúig bliana de rudaí a d'fhéadfaí a dhéanamh agus tugtar *Mo Threochlár EUandME* air. Is féidir leagan saor in aisce nó íoctha d'uirlis idirghníomhach amhail **Book Creator** nó **Sway** a úsáid chun iad a thaispeáint:

- Cad is mian leis an dalta a bhaint amach
- Seo na rudaí a bheidh le déanamh ag an dalta chun a spriocanna a bhaint amach

Tar éis é a chríochnú, d'fhéadfadh na daltaí a *dTreochlár* a chur lena bpunann CV. D'fhéadfadh an rang taispeántas a eagrú dá *dTreochláir EUandME* os comhair lucht féachana ar cuireadh ó ranganna eile; a dtionscadail a chur ar taispeáint mar chuid d'Aonach Lá Gairmeacha nó de Lá Eorpach. Is féidir gur mhaith le cuid acu, tar éis a bhfaisnéis phearsanta a chosaint, iad a chomhroinnt ar líne ar a gcainéil meán sóisialta agus #EUandME curtha leis.

# Aonad Inbhuanaitheachta #EUandME

## FORAMHARC

Osclaítear an *tAonad Inbhuanaitheachta* le plé ranga ar an ngaol idir daoine agus an dúlra ag éirí as freagairt na ndaltaí ar an ngearrscannán tarraingteach *Oona*. Ansin scrúdaíonn na daltaí an gá atá le hinbhuanaitheacht agus tagann siad ar thionscnaimh agus ar ghníomhartha de chuid #EUandME chun an comhshaol a chaomhnú agus acmhainní teoranta an phláinéid againn a bhainistiú. Sa roinn deiridh, tugann na daltaí faoi thionscadal cruthaitheach ionas go dtuigfidh siad gur gá dúinn ar fad gníomhú chun an inbhuanaitheacht a bhaint amach; tá ról againn uile san iarracht saol inbhuanaithe a bheith againn.

## ROINN 1

Iarr ar na daltaí smaoineamh ar na nithe seo a leanas fad a bhíonn siad ag féachaint ar **Oona** [8.40 nóiméad]: “Ag tús an fhíseáin, níl mórán caidrimh ann idir Oona agus a hathair. Tá teannas sa ghaol eatarthu. Dá bhrí sin, is beag ceangal atá ag Oona leis an domhan thart uirthi, fiú le háilleacht an dúlra sna coillte. An meafar é an “dícheangal” seo dúinn ar fad agus don easpa gaoil idir muid agus an domhan, ionas gur dóigh linn go mairfidh sé gan aon chabhair uainne?”

Iarr ar na daltaí a bhfreagairt féin ar an bhfíseán a phlé; cad iad a dtuairimí ar an ngaol idir Oona agus a hathair agus cibé an meafar é an scannán don easpa ceangail leis an dúlra nó don easpa cúraim don dúlra. Chruthaigh an Stiúrthóir Zaida Bergroth an scannán mar fhreagairt ar an muinín atá aici in obair an Aontais chun an dúlra, ainmhithe fiáine agus gnáthóga nádúrtha a chaomhnú? Conas a dhéantar an téama seo a fhorbairt ina scannán?

Prionsabail lárnacha den mhaireachtáil inbhuanaithe is ea an comhshaol a chosaint agus acmhainní teoranta an Domhain a chaomhnú do na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh, agus i roinn 2 déanfaimid iarracht freagra a fháil ar an gceist, “Cad is inbhuanaitheacht ann?”

## ROINN 2

Cad is inbhuanaitheacht ann? Déan grúpaí de chúigear as an rang. Tabhair leathanach A3 do gach grúpa agus iarr orthu V mór a tharraingt a líonfaidh an leathanach. Cuir “Fadhbanna an Domhain” ar thaobh clé an V agus tabhair cúig nóiméad do gach grúpa chun an oiread fadbhanna agus is féidir leo a liostú, mar aon leis na bunchúiseanna le hacmhainní an Domhain a bheith míbhainistithe. Fág lár an V bán agus cuir “Domhan mo Leanaí Féin” ar thaobh na láimhe deise. Arís, tabhair cúig nóiméad do gach grúpa le gnéithe den Domhan a bheadh uathu amach anseo a liostú, ó thaobh acmhainní an Domhain a chosaint agus a chaomhnú.

Féachfaidh gach ball de gach grúpa anois ar réitigh a d’fhéadfaí a fháil ar fhadhb an damáiste a dhéanann daoine don chomhshaol. Tógann gach duine acu ceann amháin de leathanaigh téamacha na *hInbhuanaitheachta* de chuid #EUandME chun foghlaim faoin obair agus faoi na gníomhartha maolaithe atá ar siúl ag an Aontas ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht:

1. **Mo Shaol Lasmuigh. Mo Shaol.** ina mínítear an tslí a gcosnaíonn an tAontas an fiadhúlra agus an dúlra, agus a gcuirtear feabhas ar thírdhreach nádúrtha na hEorpa, chomh maith le cinntiú go mbíonn gach uisce óil glan agus sábháilte.
2. **Mo Phláinéad. Mo Shaol.** ina mionsonraítear na tionscnaimh maidir leis an athrú aeráide atá ar siúl ag an Aontas chun ár lorg carbóin a laghdú. Mínítear ann, leis, an méid is féidir le gach duine dínn a dhéanamh chun tionchar an athraithe aeráide a laghdú.
3. **Mo Thimpeallacht. Mo Shaol.** ina bhféachtar ar ghníomhartha an Aontais chun dramhaíl a laghdú, a athúsáid agus a bhainistiú, agus a bhfuil ar siúl aige chun nach rachaidh ábhar plaisteach isteach san fharraige.
4. **Mo Bhia. Mo Shaol.** ina scrúdaítear beartais an Aontais trína gcinntítear go mbíonn an bia ar an mbord againn inacmhainne agus gur táirgeadh é ar shlí chothrom shábháilte.
5. **Mo Theicneolaíocht. Mo Shaol.** ina scrúdaítear an infheistíocht atá á déanamh ag an Aontas i dtaighde agus i dtionscadail trína bhféachtar le réitigh inbhuanaithe ar fháil ar ár ndúshláin reatha.

Nuair a bheidh samplaí de réitigh an Aontais ar fhadhb na hinbhuanaitheachta agus bearta maolaithe aimsithe ag na daltaí, iarr orthu iad a liostú i lár an V faoin lipéad “Réitigh AE”. Tar éis an taighde a chríochnú agus na cairteacha a thiomsú, déan iad a phostáil ar bhord taispeána. Ansin iarr ar gach grúpa a gcairt a mhíniú agus na fadhbanna agus na réitigh a phlé.

## ROINN 3

Is féidir leis na daltaí meán ar bith a úsáid chun mír a dhearadh, a chruthú agus a chur ar taispeáint, mír ina léireoidh siad mar dhaoine aonair cad atá á dhéanamh acu féin chun go mbeidh smaointeoireacht agus cleachtas inbhuanaitheachta mar chuid dá saol laethúil. Mar shampla, d’fhéadfaidís físeán gearr nó suiteáil ealaíne a chruthú; alt a scríobh do nuachtlitir na scoile nó póstaer digiteach a dhearadh a léireodh an téama. Ba chóir go gcuirfidís in iúl cén beart réamhghníomhach atá ar bun acu féin chun acmhainní teoranta an Domhain a chosaint agus a n-ídiú a laghdú. D’fhéadfaí a gcuid oibre a chur ar taispeáint ar Lá an Domhain sa scoil nó í a chomhroinnt trí chainéil meán sóisialta *Inbhuanaitheacht* #EUandME.

# Aonad Scileanna agus Gnó #EUandME

## FORAMHARC

Buaileann nóiméad eureka Alex san fhíseán *Party Animal* agus faigheann sé amach conas is féidir leis plean a leagan amach dá shaol ach cloí leis na rud is ansa leis a dhéanamh. San *Aonad Scileanna & Gnó* scrúdóidh na daltaí na tionscnaimh agus na cineálacha tacaíochta éagsúla a chuireann an tAontas Eorpach ar fáil dóibh agus an chéad chéim eile dá saol á pleanáil acu.

## ROINN 1

Agus na daltaí ag féachaint ar **The Party Animal** [7:52 nóim.] iarr orthu smaoineamh ar an méid seo a leanas: "Is duine é Alex a dtaitníonn cóisirí go mór leis, ach conas, go híorónta, a chabhróidh sé leis cóisir a dhéanamh dá shaol ach cloí leis an rud is ansa leis a dhéanamh?"

Iarr ar na daltaí a bhfreagairt féin ar an bhfíseán a phlé, lena n-áirítear a dtuairim ar an ngaol idir Alex agus a thuismitheoirí; an dearcadh atá aige i leith an tsaoil agus a phoist ag tús an scannáin. Ag tús an scannáin, tá an chuma ar Alex go bhfuil sé gan treoir; iarr ar na daltaí arbh eol dóibh i gcónaí an chéad rud eile a dhéanfaidís ina saol? Cad a chabhraigh leo treo a aimsiú ina saol? Cén chomhairle a chuirfidís ar Alex maidir leis na rudaí ar chóir dó a dhéanamh chun a ghnó a fhíorú? Cad atá ar eolas acu faoin tacaíocht agus faoi na tionscnaimh a chuireann an tAontas Eorpach ar fáil doibh ag an tráth seo dá saol?

## ROINN 2

Molann comhairleoirí gairme agus gnó na céimeanna seo a leanas a chur san áireamh i bplean maith ar bith, bíodh sé ina phlean chun scileanna agus cáilíochtaí a ghnóthú nó ina phlean gnó:

Beart 1: Déan do thaighde
Beart 2: Ceap plean
Beart 3: Bíodh sé simplí i gcónaí

Iarr ar gach dalta taighde a dhéanamh ar na ceithre leathanach téama *Scileanna & Gnó* ar shuíomh gréasáin **#EUandME** go bhfaighidh siad amach cén tacaíocht agus cé na hacmhainní a chuireann an tAontas Eorpach ar fáil dóibh, ar mhaithe le plean staidéir, scileanna agus gairme a dhréachtú dóibh féin:

1. **Mo Scileanna. Mo Shaol.** ina mínítear a bhfuil ar siúl ag an Aontas Eorpach chun caighdeán na hoiliúna a fheabhsú inniu agus chun tuiscint a thabhairt ar cad iad na scileanna a mbeidh tábhacht leo amach anseo.
2. Scrúdaítear an tslí le post maith agus oiliúnóireacht a fháil in **M'Uaillmhian. Mo Shaol.** Faigh amach faoin iliomad clár atá ag an Aontas chun tacú le daoine óga atá ag cuardach post ardchaighdeáin.
3. **Mo Ghnó. Mo Shaol.** ina mínítear an tslí ar féidir leis an Aontas Eorpach cabhrú chun gach leas a bhaint as smaoineamh gnó; ina measc sin tá airgeadas, oiliúnóireacht, líonraí gnó agus scéimeanna malairte. Faigh amach conas gnó a thosú agus a fhorbairt.
4. **Mo Chearta Oibre. Mo Shaol.** ina mínítear na cearta atá ag oibrithe agus an chosaint atá ag dul dóibh nuair a bhíonn siad ag obair san Aontas Eorpach.

Tar éis plean a dhréachtú (le tagairt do chláir agus do thacaíochtaí an Aontais Eorpaigh a chabhróidh leo scileanna nó pleananna gnó a shealbhú), ullmhaíonn gach dalta chun dul os comhair *an Phainéil Scileanna & Gnó.* An smaoineamh ná iarraidh ar na daltaí a smaointe gnó a chur i láthair painéal de cheathrar moltóirí a ndéanfaidh gach duine acu measúnú ar an léiriú agus a chinnfidh cibé an fiú "infheistiú" sa smaoineamh. Ní mór dóibh a bplean a phriontáil agus cóip a thabhairt do na moltóirí roimh an agallamh.

## ROINN 3

Iarrfar ar cheathrar daltaí páirt moltóra a ghabháil orthu féin sa *Phainéal Scileanna & Gnó*. Athróidh an painéal gach uair ionas go mbeidh deis ag formhór na ndaltaí páirt moltóra a ghlacadh.

Beidh saineolas ag gach moltóir ar cheann amháin de leathanaigh théama *Scileanna & Gnó* de chuid #EUandME. Tar éis plean an dalta a léamh, cuirfidh na moltóirí, a shuífidh ag barr an tseomra ranga, gach "iarrthóir" faoi agallamh agus iad ina suí os a gcomhair.

Is é ról na moltóirí a bheith chomh tacúil agus is féidir agus moltaí breise a thairiscint don iarrthóir. Cuirfidh siad ceisteanna ar na hiarrthóirí i dtaobh a dtreo staidéir nó gairme agus na spriocanna atá acu. Iarrfaidh siad samplaí de chláir den Aontas Eorpach a bhféadfadh an t-iarrthóir leas a bhaint astu chun a sprioc staidéir nó gairme a bhaint amach. Anuas ar sin, cuirfidh siad an plean i láthair an lucht féachana (an rang) chun tuilleadh moltaí agus smaointe a mhealladh.

# Aonad Digiteach #EUandME

## FORAMHARC

Tá an t-ádh ar Jan, an maoirseoir cúthail amscaí fiadhúlra, gur saoránach den Aontas é agus mar sin tá rochtain aige ar an Idirlíon agus ar mhórchuid cearta agus saoirsí digiteacha. Tríd an gcoiméide rómánsúil, *An tAonarán*, feicimid a thábhachtaí atá sé a bheith i gceangal le daoine eile, agus an tslí a n-oibríonn an tAontas Eorpach chun muid a cheangal leis an domhan digiteach.

## ROINN 1

Agus na daltaí ag féachaint ar an scannán **An tAonarán** [9:52 nóiméad] iarr orthu smaoineamh ar an gceist: "Cén úsáid a bhaineann Jan as an teicneolaíocht dhigiteach chun cabhrú leis féin san fhásach álainn iargúlta seo?"

Spreag na daltaí chun an greann sa scannán a phlé. Cérbh é an nóiméad ba ghreannmhaire? Conas a chuireann an t-aisteoir atá i bpáirt Jan a chiotaíl agus a chúthail in iúl?

## ROINN 2

An eol do na daltaí cheana go bhfuil €2 bhilliún á infheistiú ag an Aontas chun teacht a thabhairt do cheantair cosúil leis an gceantar sa scannán ar leathanbhanda ardluais?

Cuireann an scannán in iúl dúinn gur féidir le duine atá chomh cúthail le Jan, fiú, leas a bhaint as bheith i gceangal digiteach. I gcás amháin, cuireann Jan roimhe rud neamhiarrtha a cheannaigh sé ar líne a thabhairt ar ais trí leas a bhaint as "ré aithrí 14 lá" an Aontais atá ar fáil do dhaoine san Aontas Eorpach a cheannaíonn rudaí ar shuíomhanna gréasáin. Faigh amach faoi **anseo**.

Iarr ar gach dalta, nó ar ghrúpaí beaga daltaí, grafaic faisnéise a chruthú faoin teideal *Ár gCearta Digiteacha*. Scrúdaíonn na daltaí a gcearta agus a saoirsí digiteacha trí na naisc #EUandME thíos agus ansin déanann siad grafaic faisnéise tarraingteach a dhearadh agus a chruthú, a mheallfaidh na daltaí óga sa scoil. D'fhéadfadh na daltaí leas a bhaint as uirlis idirghníomhach amhail **Canva**, **Easel.ly**, **Piktochart**, **Infogram**, **Venngage** nó aon cheann eile is fearr leo. Is é an aidhm grafaic faisnéise atá tarraingteach don tsúil a chruthú chun teachtaireachtaí digiteacha #EUandME a thaispeáint do na daltaí is óige.

1. **M'Fhón. Mo Shaol.** ina mínítear rialacháin AE lenar cuireadh deireadh le táillí fánaíochta.
2. **Mo Cheangal. Mo Shaol.** ina mínítear an tslí a ráthaíonn dlíthe AE an ceangal idirlín is fearr is féidir ar phraghas inacmhainne is cuma cé chomh iargúlta is atá an ceantar.
3. **Mo Shlándáil ar Líne. Mo Shaol.** ina mínítear go gceanglaítear faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh gur ceart bunúsach é mo shonraí pearsanta a bheith faoi chosaint, agus iad a bheith láimhsithe go cúramach agus ar shlí fhreagrach.
4. Dála Jan, mar dhuine a cheannaíonn rudaí ar líne ó shuíomhanna gréasáin san Aontas Eorpach, is féidir leat rud neamhiarrtha a cheannaíonn tú ar line a chur ar ais le linn "ré aithrí 14 lá" AE. Gheofar tuilleadh eolais **anseo**.
5. An bhfuil **comhairle do phaisinéirí uait** agus tú ag gabháil timpeall? Tá feidhmchlár AE ann chuige sin!
6. **Tá Línte Cabhracha Shábháilteacht Idirlín** ar fáil i ngach Ballstát chun cabhrú agus tacú le saol digiteach na nEorpach óg. **Is é Lá an Idirlín níos Sábháilte** an tionscnamh AE trína gceiliúrtar a bhfeachtas chun Idirlíon níos fearr a chur ar fáil do chách, go háirithe do dhaoine óga.
7. Taispeáin an mhionliosta seiceála seo do na daltaí chun cabhrú leo seiceáil cibé ar éirigh leo an lucht féachana óg a chur ar an eolas go soiléir faoi chuid de na tionscnaimh dhigiteacha AE seo a leanas ina gcuid grafaicí faisnéise.
   - Tóg anuas – Fan thíos
   - Deireadh le táillí fánaíochta
   - An Ceart a Bheith Ligthe i nDearmad
   - Deireadh a chur le Geobhacadh
   - GDPR

## ROINN 3

Tar éis na grafaicí faisnéise uile a fhoilsiú, iarr ar na daltaí na cúig ghrafaic faisnéise is fearr leo a roghnú trí chomparáid a dhéanamh eatarthu ar an mbonn seo a leanas: sonraí a chur i láthair ar shlí bheoga; sonraí casta a dhéanamh sothuigthe; ábhar agus eolas a chur ar fáil ar shlí shoiléir ábhartha; an tionchar ar an tsúil; úsáid datha, grafaicí agus cairteacha; oiriúnacht don sprioclucht féachana; admháil d'ábhar acmhainne.

D'fhéadfaí gach ceann de na cúig ghrafaic faisnéise a chur ar taispeáint ar shuíomh gréasáin na scoile ar feadh seachtaine agus a chomhroinnt ar leathanaigh meán sóisialta na scoile nó na ndaltaí féin agus #EUandME a chur leis.

D'fhéadfadh an rang ceann amháin dá rogha cúig ghrafaic faisnéise a úsáid mar theimpléad chun ceardlann ghearr ar scileanna digiteacha dar teideal "Faisnéis ghrafaic a chruthú" a eagrú do na daltaí óga sa scoil. D'fhéadfadh dalta sinsearach amháin nó beirt léiriú a thabhairt sa cheardlann ar an tslí ar dhear agus ar chruthaigh siad an ghrafaic faisnéise agus d'fhéadfadh na daltaí eile tacaíocht duine le duine a thabhairt do na daltaí óga chun a gcéad ghrafaic faisnéise a chruthú.

# Aonad Ceart #EUandME

## FORAMHARC

San fhíseán *Debut* mac is ea Ivan le feirmeoir agus peileadóir cumasach. Dála Ivan, mar shaoránaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach agus faoi dhlí AE, tá an ceart againn ar fad ar chaitheamh cothrom agus ar mheas.

## ROINN 1

Scéal caolchúiseach is ea **Debut** [4:04 nóiméad] dar leis an Stiúrthóir, Dalibor Matonić. Fiafraigh de na daltaí cad é téama an scannáin, dar leo, agus iad ag féachaint air. Conas a chruthaíonn an stiúrthóir teannas agus tinneall mar gheall ar thuiscint Ivan ar a cheart é féin a chur in iúl mar atá sé?

De bhrí go bhfuil cónaí orainn san Aontas Eorpach, tá ár gcearta agus ár saoirsí leagtha amach sa Chairt Eorpach um Chearta agus Saoirsí Bunúsacha. Sa chairt sin, leagtar amach go soiléir go bhfuil gach duine saor agus comhionann ón uair a saolaítear iad, agus na cearta atá acu. Cinntíonn an tAontas Eorpach go bhfuil cearta agus tacaíocht eile ag saoránaigh ina saol laethúil: mar thomhaltóirí, mar phaisinéirí agus mar bhaill de dhaonlathas. I Roinn 2, scrúdóidh na daltaí na cearta sin sula bhfilleann siad ar chearta agus saoirsí an Aontais sa **Chairt Eorpach um Chearta agus Saoirsí Bunúsacha** i Roinn 3.

## ROINN 2

Sa scannán *Debut* feicimid Ivan ag foghlaim go bhfuil an ceart aige, mar shaoránach den Aontas, é féin a chur in iúl mar atá sé. Is é riail an dlí a chosnaíonn ár gcearta ar fud an Aontais. Sa Chairt Eorpach um Chearta agus Saoirsí Bunúsacha tugtar le chéile in aon chairt amháin gach cearta pearsanta, saoránachta, eacnamaíocha agus sóisialta atá ag daoine san Aontas Eorpach. Leagtar cearta agus saoirsí na Cairte amach faoi shé theideal:

- Dínit
- Dlúthpháirtíocht
- Saoirsí
- Cearta saoránach
- Comhionannas
- Ceartas

Iarr ar na daltaí fáil amach faoi na cearta agus na saoirsí atá ag muintir an Aontais Eorpaigh trína gcinntítear gur féidir le daoine nach ionann a n-aois, a n-inscne, a gcine, a dtreoshuíomh gnéasach, a reiligiún ná a dtuairim maireachtáil le chéile faoi shíocháin ag **Mo Chearta. Mo Shaol.**

Tá cearta na saoránach LADTAI faoi chosaint ag an Aontas Eorpach. Pléigh mar rang cibé an áit shábháilte do dhaltaí LADTAI í bhur scoil féin. An bhfuil an deis ag gach duine bheith rannpháirteach go hiomlán sa saol oideachais agus sa saol sóisialta in am scoile? Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh chun glacadh agus caoinfhulaingt a mhéadú sa scoil? Iarr ar an rang teacht le chéile ina ngrúpaí oibre chun taighde a dhéanamh ar an méid atá déanta ag scoileanna eile; labhairt le comhairleoir na scoile faoi chuireadh chun na scoile a thabhairt d'aoichainteoirí chun na ceisteanna seo a phlé i gceardlann. D'fhéadfadh an rang litríocht agus póstaeir feasachta a fháil don scoil, mar aon le heolas mar gheall ar sheirbhísí tacaíochta do dhaltaí LADTAI. D'fhéadfadh an rang Plean Gníomhaíochta a cheapadh ansin le cur i láthair cheannairí na scoile agus an bhoird bainistíochta faoin teideal "Áit Shábháilte don Fhoghlaim" ina molfaí athruithe ar an scoil a d'fhágfadh gur áit foghlama níos uilechuimsithí í.

## ROINN 3

Sa ghníomhaíocht seo, oibríonn na daltaí go léir in *The Famous Marketing Company*. Glacann siad páirt i gcomórtas inmheánach chun feachtas láidir meán sóisialta a cheapadh le haghaidh *Aonad Ceart* an Aontais Eorpaigh. Roinntear iad ina dtrí fhoireann iomaíocha chun feachtas meán sóisialta a chruthú agus a dhearadh le haghaidh ceann de leathanaigh théamacha na *gCeart* thíos:

1. **Mo Chuid Siopadóireachta. Mo Shaol.** ina bhfaighfear cnapóga eolais ar rialacha AE trína bhféachtar leis an tsiopadóireacht a dhéanamh soiléir, simplí agus cothrom agus a gcearta a chur ar a súile do thomhaltóirí.
2. **M'Aistear. Mo Shaol.** ina scrúdaítear na rialacha atá i bhfeidhm ag an Aontas chun paisinéirí agus a gcearta a chosaint i gcás moilleanna nó cealuithe agus iad i mbun taistil.
3. **Mo Ghuth. Mo Shaol.** ina mínítear an ceart chun vóta a chaitheamh i dtoghcháin Eorpacha agus cathartha fad a bhítear i mbun cónaithe san Aontas Eorpach.

*Úsáidfidh The Famous Marketing Company* feachtas na foirne a bhuann an comórtas chun feachtas meán sóisialta ar fud na hEorpa a sheoladh maidir le *hAonad Ceart* de chuid #EUandME. Ceapann gach foireann feachtas meán sóisialta oiriúnach don sprioclucht féachana – daoine óga na hEorpa. Cruthaíonn na foirne sluán feachtais; ábhar físeach dearaidh; dhá phost shamplacha, agus nótaí míniúcháin faoi na cainéil meán sóisialta atá roghnaithe acu dá bhfeachtas. Cuirfidh gach foireann a bplean feachtais i láthair an ranga ar fad, a chaithfidh vóta ar son an fheachtais meán sóisialta is éifeachtaí.